Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 15

# Rúnseirbhís

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 15, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh san bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 don Rúnseirbhís.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018.

Dlitear barrachas €116,720 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 3.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá socruithe forordaithe i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Roinn Cosanta maidir leis an t-airgid a tharraingt anuas ó Vóta na Rúnseirbhíse agus i gcóir an deimhniúchán bliantúil a fháil ó na hAirí chuí maidir leis an airgead ídithe i rith na bliana chomh maith le hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Ar chúiseanna slándála, tá srianta i bhfeidhm maidir le hoibriúcháin agus eolas faoi na hidirbhearta aonair. Cuireann sé sin srianta ar na gnáth rialaithe dhíreach atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta. Insna cúinsí, braithim ar na ráitis dheimhnithe bhliantúil atá sínithe ag na hAirí ina bhfuil airgead eisithe atá mar bhonn agus mar thaca ag na rialaithe oibríochtúla atá curtha i bhfeidhm ag a gcuid Roinn.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

19 Feabhra 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 15 Rúnseirbhís

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Chun críocha an iniúchta seo, fuair mé deimhnithe a chomhthacaíonn leis an gcaiteachas ón Vóta ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón Aire Cosanta. Bhí i gceist leis an iniúchadh athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe oibríochtúla a bhain leis an airgead a eisíodh ón Vóta agus, ar bhonn samplach, ar idirbhearta bainteacha. Ar chúiseanna slándála, ní dhearnadh athbhreithniú ar fhaisnéis áirithe maidir leis na hidirbhearta sin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2019

# Vóta 15 Rúnseirbhís

## Cuntas Leithreasa 2018

| | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | |
| Rúnseirbhís | 1,000 | 883 | 741 |
| | **1,000** | 883 | 741 |

**Barrachas**

Tá an barrachas a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **116,720** | **258,649** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

19 Feabhra 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

Ní bhaineann an nóta seo i gcás an Vóta na Rúnseirbhíse.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéideanna fo-chuntas | | 116 | 272 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.2 | 156 | 46 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **272** | **318** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéid PMG | | 272 | 318 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **272** | **318** |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **—** | **—** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanair | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 1,000 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (117) | | |
| Vóta glan | | | 883 | 741 |
| Costas chláir ghlan | | | (883) | (741) |
| **Iarmhéid ar ag 31 Nollaig** | | | — | **—** |

## 2.2 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| Ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 117 | 259 |
| Deontas neamhtharraingte ón Státchiste | (273) | (305) |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | **(156)** | **(46)** |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna fo-chuntais | 116 | 272 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Glaniarmhéid PMG | (272) | (318) |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | — | — |
| | **(156)** | **(46)** |

## 2.3 Fáltais breise le híoc leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Iarmhéid ag 1 Eanair** | — | 75 |
| Íostarraingt tugtha ar ais | — | — |
| Dlite don Stát | — | (75) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | — | — |

# Nóta 3 Éagsúlachtaí sa Chaiteachas

Tá an meastachán tuairimeach ar bhonn riachtanais.